Aoibhinn bheith i mBinn Éadair

[Thomas F. O'Rahilly: *Measgra Dánta* II, poem 41]

1 Aoibhinn bheith i mBinn Éadair,
fírbhinn bheith ós a bánmhuir,
cnoc lánmhar longmhar líonmhar,
beann fhíonmhar fhonnmhar ághmhar.

2 Beann i mbíodh Fionn is Fiana,
beann i mbíodh cuirn is cuacha;
beann i rug ua Duinn dána
lá Gráinne do ruinn ruaga.

3 Beann tomghlan seach gach tulach,
's a mullach crunnghlas corrach,
cnoc lannach creamhach crannach,
beann bhallach mhíolach mhongach.

4 Bean is áille ós úir Éireann,
glébheann ós fairrge faoileann,
a tréigean is céim cruaidh liom,
Beann álainn Éadair aoibhinn.